

# TIOMÁNAITHE AGUS PAISINÉIRÍ FAOI MHÍCHUMAS

## EAGRAÍOCHTAÍ

### SCÉIM FAOISIMH CÁNACH

**VRT7**

RPC013414\_GA\_WB\_L\_1

Is éard is **mochúrsa** ann ná pointe lárnach rochtana le haghaidh sheirbhísí ar líne uile na gCoimisinéirí Ioncaim. Is é seo an bealach is tapúla agus is éasca le do chúrsaí cánach a bhainistiú.

Chun teacht ar **mochúrsaí**, ní mór a bheith cláraithe i dtosach agus pasfhocal a bheith faighte agat. Tá sé éasca an próiseas clárúcháin ar **[www.revenue.ie/mochúrsaí](http://www.revenue.ie/mochúrsaí)** a leanúint agus nuair a bheidh tú cláraithe, seolfar pasfhocal sealadach chugat.

Beidh tú in ann teacht ar réimse seirbhísí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ó **mochúrsaí**, amhail:

- Seirbhísí ÍMAT: (Poist agus Pinsin san áireamh)
- An Scéim um Thiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas
- An Scéim um Dheontais Bhreosla
- Cáin Maoine Áitiúil (CMÁ)
- M'Fhiosruithe
- Aisíocaíocht CBL le haghaidh Áiseanna agus Fearais do Dhaoine faoi Mhíchumas

I measc na mbuntáistí a bhaineann le **mochúrsaí** a úsáid, tá:

- Seirbhís thapa, áisiúil, éasca agus slán.
- Rochtain 24 uair, 365 lá.
- Pasfhocal aonair do na seirbhísí ar líne uile.
- Féadtar teacht air le gléasanna iomadúla (ríomhaire deisce, fón cliste, taibléad, srl).
- Do shonraí pearsanta a thabhairt cothrom le dáta, do chúrsaí cánach a athbhreithniú, íocaíochtaí a dhéanamh agus cur isteach ar fhaoisimh agus dreasachtaí áirithe.

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach ar **[www.revenue.ie/mochursai](http://www.revenue.ie/mochursai)**

# CLÁR AN ÁBHAIR

Cuid 1 - Réamhrá .....	5
Cuid 2 - Incháilitheacht Leighis.....	6
Cuid 3 - Achoimre ar an Scéim Faoisimh Cánach.....	7
Cuid 4 - Cé a fhéadann cur isteach air? .....	8
Cuid 5 - Tiománaithe faoi Mhíchumas .....	9
Cuid 6 - Paisinéirí faoi Mhíchumas.....	10
Cuid 7 - Daoine Muinteartha.....	11
Cuid 8 - Eagraíochtaí.....	13
Cuid 9 - Oiriúintí le haghaidh tiománaithe / paisinéirí agus eagraíochtaí .....	17
Cuid 10 - Cén chaoi le cur isteach ar an bhfaoiseamh.....	20
Cuid 11 - Diúscairt Luath, Iniúchtaí agus Achomhairc.....	22
Cuid 12 - Deontas Breosla .....	23
Uas-Fhaoiseamh ar Fáil – Tábla Achoimre .....	25
Sonraí Teagmhála .....	27

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

# Faoiseamh Cánach d'Fheithiclí Ceannaithe le húsáid ag Daoine faoi Mhíchumas

## Cuid 1 - Réamhrá

Leis an Scéim um Thiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas, tugtar foráil d'aisíocaíocht nó cealú CBL agus Cánach Cláraithe Feithiclí (suas le teorainn áirithe) ar fheithicil oiriúnaithe a cheannach chun duine a iompar a bhfuil dian-mhíchumais shonracha agus bhuana orthu. Tugtar foráil chomh maith le haghaidh díolúine ó mhótarcháin i ndáil leis an bhfeithicil sin, agus deontas breosla (suas le teorainn áirithe). Leagtar amach sa bhileog eolais seo sonraí iomlána na Scéime, lena n-áirítear na nósanna imeachta iarratais agus na critéir reachtacha nach mór a chomhlíonadh. Níor ceart a mheas go bhfuil an bhileog seo ina léirmhíniú dlíthiúil ar an reachtaíocht chuí atá leagtha amach in Alt 92 den Acht Airgeadais, 1989, agus sna Rialacháin um Thiománaithe Míchumasaithe agus Paisinéirí Míchumasaithe (Lamháiltais Chánach), (I.R. Uimhir 353 de 1994, arna leasú).

Tá an reachtaíocht ar an Deontas Breosla sna Rialacháin um Thiománaithe Míchumasaithe agus Paisinéirí Míchumasaithe (Deontais Bhreosla), (I.R. Uimhir 635 de 2015).

Tá comhdhlúthú neamhreachtuil de I.R. Uimhir 353 de 1994 ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie).

Bunriachtanas atá ann **nach mór** don uile iarratasóir a n-uimhir UPSP uathúil féin a bheith acu (Daoine Aonair) nó Uimhir Tagartha Cánach (Eagraíochtaí).

**Tá sé tábhachtach a thabhairt do d'aire gur bunriachtanas i leith faoisimh faoin scéim seo é Bundeimhniú Liachta a bheith agat. Gan an deimhniú seo, ní fhéadtar iarratas le haghaidh faoisimh a chur san áireamh.**

**Ní mór an fheithicil a chur in oiriúint chun riachtanais an duine faoi mhíchumas a chomhlíonadh. Ní cháilíonn feithicil neamhoiriúnaithe le haghaidh an fhaoisimh.**

### 1.1 Daoine Aonair

Aitheantóir uathúil is ea an Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) le húsáid in aon idirbhearta a d'fhéadfadh a bheith agat le comhlachtaí poiblí nó le daoine údaraithe ag na comhlachtaí sin gníomhú ar a son.

Féadtar teacht ar d'UPSP ar dhoiciméid chánach nó ar chomhfhreagras ó oifig de chuid na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí nó ó na Coimisinéirí Ioncaim. Féadann sé a bheith ar do dhuillín pá chomh maith.

Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le d'oifig de chuid na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí mura bhféadtar d'UPSP féin a aimsiú. Féach ar leathanach 27 le haghaidh sheoladh agus uimhir fhóin na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, é sin nó féach ar shuíomh idirlín na Roinne ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

## 1.2 Riachtanais Eagraíochtaí

- Uimhir Charthanais
- Uimhir Tagartha Cánach

Ní mór uimhir charthanais a bheith ag eagraíochtaí. Tá sé seo ar fáil ó Fho-Rannóg Carthanais na gCoimisinéirí Ioncaim. Féadtar sonraí teagmhala a fháil ar leathanach 27.

## Cuid 2 - Incháilitheacht Leighis

### 2.1 Bundeimhniú Liachta

1. Chun páirt a ghlacadh sa scéim, ní mór don duine a bhfuil an míchumas orthu Bundeimhniú Liachta a bheith acu. Is é an tOifigeach Leighis Sinsearach Limistéir (OLSL) de chuid d'oifig áitiúil d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a dhéanann an measúnú leighis agus a eisíonn an deimhniú iarrtha. Sa chás go bhfuil an OLSL sásta go gcomhlíonann duine na critéir leighis (féach Cuid 2.2), eiseofar Bundeimhniú Liachta.
2. Is gnách nach n-iarrtar ar iarratasóir ach Bundeimhniú Liachta a chur i láthair ag tráth na chéad iontrála isteach sa scéim. Féadfaidh sé, áfach, go n-iarrfar ort ó am go ham deimhniú nuashonraithe a thíolacadh i ndáil le haon éileamh ina dhiaidh sin.
3. Tá an ceart ag na Coimisinéirí Ioncaim chomh maith duine a chur faoi bhráid an Bhoird Achomhairc le haghaidh measúnú sa chás go gcreideann siad go bhféadfaidh sé nach gcomhlíonfar na critéir leighis sonraithe ar an mBundeimhniú Liachta.

### 2.2 Critéir Leighis

Is iad na critéir leighis chun bheith rannpháirteach sa scéim ná nach mór don duine a bheith faoi mhíchumas trom agus buan agus go dtagann siad faoi cheann amháin, ar a laghad, de na catagóirí seo a leanas:

1. Gan úsáid iomlán, nó gan úsáid beagnach iomlán, den dá ghéag coise.
2. Gan úsáid iomlán ceann dá ngéag coise, agus gan úsáid beagnach iomlán den ghéag coise eile, sa chaoi is go bhfuil srian trom ar ghluaiseacht a ngéaga íochtair.
3. Gan an dá lámh, nó gan an dá ghéag láimhe.
4. Gan géag coise amháin, nó gan an dá ghéag coise.
5. Gan úsáid iomlán ceann, nó gan úsáid beagnach iomlán den dá lámh nó den dá ghéag coise, agus gan úsáid iomlán, nó gan úsáid beagnach iomlán de ghéag coise amháin.
6. Riocht sláinte na habhcachta, agus deacrachtaí troma leis na géaga íochtair a ghluaiseacht.

## Cuid 3 - Achoimre ar an Scéim Faoisimh Cánach

Tá an scéim ar oscailt do dhaoine a chomhlíonann na critéir leighis shonraithe, agus a bhfuil Bundeimhniú Liachta acu ina leith sin. Féadann siad cur isteach ar fhaoiseamh mar thiománaí faoi mhíchumas, nó mar phaisinéir faoi mhíchumas. De rogha air sin, tá foráil ann go bhféadann duine muinteartha le paisinéir faoi mhíchumas an t-iarratas a dhéanamh (féach Cuid 4 - Cé a fhéadann iarratas a dhéanamh?).

Tá faoiseamh ar fáil le haghaidh na gcineálacha iarratasóirí seo a leanas, ag brath ar leibhéal oiriúnachta na feithicle agus tá sé faoi réir uas-suim faoisimh (féach an tábla achoimre ar leathanach 25).

### 3.1 Tiománaithe faoi Mhíchumas

- €10,000 do thiománaí faoi mhíchumas sa chás go bhfuil oiriúintí déanta don fheithicil.
- €16,000 do thiománaí faoi mhíchumas sa chás go bhfuil oiriúintí níos sonraí déanta don fheithicil (féach Cuid 9).
- €22,000 do thiománaí faoi mhíchumas sa chás go bhfuil oiriúintí forleathana déanta don fheithicil (féach Cuid 9).

### 3.2 Paisinéirí faoi mhíchumas / duine muinteartha le paisinéir faoi mhíchumas

- €16,000 do phaisinéir faoi mhíchumas / duine muinteartha le paisinéir faoi mhíchumas a bhfuil oiriúintí déanta dá bhfeithicil.
- €22,000 do phaisinéir faoi mhíchumas / duine muinteartha le paisinéir a bhfuil oiriúintí forleathana déanta dá bhfeithicil.

### 3.3 Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas

- €16,000 d'eagraíochtaí i ndáil le hoiriúint feithicle a tógadh nó a oiriúnaíodh go speisialta chun daoine faoi mhíchumas a iompar agus a bhfuil aon cheann de na hoiriúintí cuí san áireamh ann.

Oiriúintí cuí is ea

- bealach isteach oiriúnaithe tríd an gcúl nó tríd an taobh a bhfuil i gceist leis rampa nó ardaítheoir comhtháite agus urlár oiriúnaithe chun rochtain dhíreach do chathaoireacha rotha a chur ar fáil, agus srianta do chathaoireacha rotha nó feisteán do chathaoireacha rotha, nó
- bealach isteach oiriúnaithe tríd an gcúl nó tríd an taobh a bhfuil i gceist leis urlár íslithe agus oiriúnaithe chun rochtain dhíreach do chathaoireacha rotha a chur ar fáil, agus srianta do chathaoireacha rotha nó feisteán do chathaoireacha rotha.
- €22,000 d'eagraíochtaí i ndáil le hoiriúintí forleathana feithicle a tógadh nó a oiriúnaíodh chun daoine faoi mhíchumas a iompar agus a bhfuil aon cheann de na hoiriúintí cuí san áireamh ann.
- Níl aon teorainn ann d'eagraíochtaí a bhfuil feithicil acu le hoiriúintí cuí agus a úsáidtear an fheithicil chun cúigear nó níos mó a iompar, ar sealbhóirí

Bundeimhniú Liachta iad, sa chás nach sáraíonn an chóiríocht shuite do phaisinéirí infheadhma dhá oiread an chóiríocht suite dóibh siúd faoi mhíchumas.

- €10,000, €16,000 nó €22,000 d'eagraíochtaí a cheannaíonn feithicil agus a chuireann in oiriúint í do thiománaí, ag brath ar leibhéal oiriúnachta na feithicle (féach Cuid 8.5).

### 3.4 Srian ar Mhéid an Innill

Tá an faoiseamh srianta d'fheithicilí a bhfuil toilleadh innill oiread agus 6,000cc acu.

### 3.5 Díolúine ó Mhótarcháin

Tá teidlíocht i leith díolúine ón Mótarcháin Bhliantúil i gceist d'fheithicilí a cheadaítear isteach sa scéim.

## Cuid 4 - Cé a Fhéadann cur isteach air?

**Tiománaithe faoi Mhíchumas** a cheannaíonn feithicil agus é beartaithe acu í a thiomáint iad féin, ní mór dóibh cur isteach air mar thiománaí faoi mhíchumas, féach Cuid 5 - Tiománaithe faoi Mhíchumas.

**Paisinéirí faoi Mhíchumas** nach bhféadann tiomáint agus a cheannaíonn feithicil le hí a úsáid mar phaisinéir, féach Cuid 6 - Paisinéirí faoi Mhíchumas.

**Daoine Muinteartha** le duine faoi mhíchumas a cheannaíonn feithicil chun an duine sin a iompar mar phaisinéir, féach Cuid 7 - Daoine Muinteartha.

#### Eagraíochtaí:

Is éard a chiallaíonn eagraíocht cháilitheach chun críocha na scéime ná eagraíocht charthanúil de bhrí an Achta Carthanas, 2009 (Uimhir 6 de 2009)

- (a) a chuirtear isteach i gclár na n-eagraíochtaí carthanúla faoi Chuid 3 den Acht sin,
- (b) a bhfuil sé de chuspóir acu seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas, agus
- (c) i mbisiú an chuspóra sin, atá i mbun cúram agus iompar a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas, is é sin sealbhóirí bundeimhniú liachta.

**Féadann eagraíochtaí feithicil a cheannach agus a chur in oiriúint le haghaidh an mhéid seo:**

- tiománaí faoi mhíchumas, nó
- paisinéir(i) faoi mhíchumas (féach Cuid 8 - Eagraíochtaí).

**Toisc go bhfuil na téarmaí agus coinníollacha éagsúil i ngach catagóir, tá sé tábhachtach go léann tú an t-eolas seo go cúramach sula ndéanann tú iarratas faoin scéim, agus go háirithe sula ndéanann tú aon ghealltanais airgeadais i ndáil le feithicil a cheannach.**



# Cuid 5 - Tiománaithe faoi Mhíchumas

## Téarmaí agus Coinníollacha

1. Ní mór Bundeimhniú Liachta a bheith agat.
2. Ní mór duit, mar gheall ar nádúr do mhíchumais, gan a bheith in ann feithicil a thiomáint, ach amháin má thógtar nó má oiriúnaítear í le haghaidh an chuspóra sin. Ní mheasfar an riachtanas um oiriúnú a bheith comhlíonta ag feithicil bunaithe go heisiach ar an mbonn go bhfuil breiseáin roghnacha ann atá ar fáil go réidh ó dhéantóirí nó ó chomhghabhálaithe. Ní mheastar traiseoladh uathoibríoch, mar shampla a bheith ina oiriúint. Má fhéadann tú feithicil neamhoiriúnaithe a thiomáint, ní thagann tú faoi scóip na scéime.
3. Iarrtar ort an feithicil a choinneáil faoi d'úinéireacht ar feadh **fostréimhse shonraithe** (féach an tábla achoimre ar leathanach 25). Ag deireadh na tréimhse sin, áfach, beidh tú i dteideal éileamh eile ar fhaoiseamh a dhéanamh má cheannaíonn agus má oiriúnaíonn tú feithicil eile. Más mian leat d'feithicil a athrú roimh dheireadh na hfostréimhse sonraithe, iarrfar ort aisíocaíocht a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim i leith an fhaoisimh uile, nó i leith cuid den fhaoiseamh, mar atá leagtha amach i gCuid 11 (Diúscairt Luath, Iniúchtaí agus Achomhairc), sula bhféadtar faoiseamh i leith na feithicle oiriúnaithe a thabhairt.
4. Ní cháilíonn aon feithicil don scéim ar feithicil í a fhaightear faoi aon chineál comhaontú léasa. Ní mór go gceannaítear an feithicil.
5. Aon feithicilí a fhaightear faoi aon chineál comhaontú um Plean Conarthaigh Pearsanta (PCP), beidh siad incháilithe le haghaidh aisíocaíocht nó loghadh CCF agus CBL faoin scéim, sa chás, ag an tráth a dhéantar an PCP, gurb é an t-aon rogha atá réasúnta go heacnamaíoch ná don chustaiméir an feithicil a cheannach ag deireadh an chonartha. Beidh sé seo i gceist sa chás gur mó luach ionchais margaidh na feithicle ná an chnapíocaíocht sonraithe sa chonradh chun an feithicil a cheannach ag deireadh na tréimhse conartha.
6. Féadtar iarratas a dhéanamh ar fhaoiseamh i ndáil le haon cheann de na cineálacha feithicle seo a leanas:
  - Feithicil nua.
  - Feithicil dara láimhe nár cláraíodh roimhe seo sa Stát (iompórtáil).
  - Feithicil dara láimhe a cláraíodh sa Stát roimhe seo, sa chás sin is é suim na haisíocaíochta ná an cháin cláraithe feithicilí iarmharach atá i luach na feithicle ag tráth an iarratais.
  - Feithicil atá i do sheilbh cheana féin agus atá cláraithe i d'ainm.
7. Ní mór an feithicil a bheith cláraithe in ainm an iarratasóra.

Sa chás go bhfuil faoiseamh iomlán ag feithicil, nó gur baineadh na teorainneacha forordaithe amach faoi fhorálacha cuí na scéime, agus go gceannaíonn iarratasóir eile faoin scéim an feithicil ina dhiaidh sin, féadann sé go bhfuil an feithicil fós incháilithe don Deontas Breosla agus don díolúine Mótarchánach Bliantúla.

# Cuid 6 - Paisinéirí faoi Mhíchumas

## Téarmaí agus Coinníollacha

1. Ní mór Bundeimhniú Liachta a bheith agat.
2. Ní mór an fheithicil a cheannach le haghaidh d'úsáid féin mar phaisinéir agus ní mór gur tógadh nó gur oiriúnaíodh an fheithicil go speisialta le go bhféadann tú taisteal ann. Má fhéadann tú taisteal i bhfeithicil neamhoiriúnaithe, ní thagann tú faoi scóip na scéime.
3. Ní mheasfar an fheithicil a bheith oiriúnaithe bunaithe go heisiach ar an mbonn go bhfuil breiseáin roghnacha ann atá ar fáil go réidh ó dhéantóirí nó ó chomhghabhálaithe.
4. Iarrtar ort an fheithicil a choinneáil faoi d'úinéireacht ar feadh **fostréimhse shonraithe** (féach an tábla achoimre ar leathanach 25). Ag deireadh na tréimhse sin, áfach, beidh tú i dteideal éileamh eile ar fhaoiseamh a dhéanamh má cheannaíonn agus má oiriúnaíonn tú feithicil eile. Más mian leat d'fheithicil a athrú roimh dheireadh na hiostréimhse sonraithe, iarrfar ort aisíocaíocht a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim i leith an fhaoisimh uile, nó i leith cuid den fhaoiseamh, mar atá leagtha amach i gCuid 11 (Diúscairt Luath, Iniúchtaí agus Achomhairc), sula bhféadtar faoiseamh i leith na feithicle oiriúnaithe a thabhairt.
5. Ní cháilíonn aon fheithicil don scéim ar feithicil í a fhaightear faoi aon chineál comhaontú léasa. Ní mór go gceannaítear an fheithicil.
6. Aon fheithicil a fhaightear faoi aon chineál comhaontú um Plean Conarthaigh Pearsanta (PCP), beidh siad incháilithe le haghaidh aisíocaíocht nó loghadh CCF agus CBL faoin scéim, sa chás, ag an tráth a dhéantar an PCP, gurb é an t-aon rogha atá réasúnta go heacnamaíoch ná don chustaiméir an fheithicil a cheannach ag deireadh an chonartha. Beidh sé seo i gceist sa chás gur mó luach ionchais margaidh na feithicle ná an chnapíocaíocht sonraithe sa chonradh chun an fheithicil a cheannach ag deireadh na tréimhse conartha.
7. Féadtar iarratas a dhéanamh ar fhaoiseamh i ndáil le haon cheann de na cineálacha feithicle seo a leanas:
  - Feithicil nua.
  - Feithicil dara láimhe nár cláraíodh roimhe seo sa Stát (iompórtáil).
  - Feithicil dara láimhe a cláraíodh sa Stát roimhe seo, sa chás sin is é suim na haisíocaíochta ná an cháin cláraithe feithicilí iarmharach atá i luach na feithicle ag tráth an iarrtais.
  - Feithicil atá i do sheilbh cheana féin agus atá cláraithe i d'ainm.
8. Ní mór an fheithicil a bheith cláraithe in ainm an iarratasóra

Sa chás go bhfuil faoiseamh iomlán ag feithicil, nó gur baineadh na teorainneacha forordaithe amach faoi fhorálacha cuí na scéime, agus go gceannaíonn iarratasóir eile faoin scéim an fheithicil ina dhiaidh sin, féadann sé go bhfuil an fheithicil fós incháilithe don Deontas Breosla agus don díolúine Mótarchánach Bliantúla.

# Cuid 7 - Daoine Muinteartha

## 7.1 Téarmaí agus Coinníollacha

1. Ní mór gur duine muinteartha thú le duine a bhfuil Bundeimhniú Liachta acu (féach Cuid 2 - incháilitheacht leighis). Tá an faoiseamh srianta, áfach do dhuine muinteartha **amháin** leis an duine faoi mhíchumas.
2. Ní mór duit a bheith i do chónaí leis an duine faoi mhíchumas agus a bheith freagrach as iad a iompar. Féadann na Coimisinéirí loncaim, i gcúinsí eisceachtúla, an riachtanas cónaitheachta a tharscaoileadh (féach Cuid 7.2).
3. Ní mór an fheithicil a bheith tógtha nó oiriúnaithe go speisialta don phaisinéir chun taisteal ann agus ní mór gur ceannaíodh é go príomha chun an duine sin a iompar. Má fhéadann an paisinéir taisteal i bhfeithicil neamhoiriúnaithe, ní thagann siad faoi scóip na scéime.
4. Ní mheasfar an fheithicil a bheith oiriúnaithe bunaithe go heisiach ar an mbonn go bhfuil breiseáin roghnacha ann atá ar fáil go réidh ó dhéantóirí nó ó chomhghabhálaithe.
5. Iarrtar ort an fheithicil a choinneáil faoi d'úinéireacht ar feadh **fostréimhse shonraithe** (féach an tábla achoimre ar leathanach 25). Ag deireadh na tréimhse sin, áfach, beidh tú i dteideal éileamh eile ar fhaoiseamh a dhéanamh má cheannaíonn agus má oiriúnaíonn tú feithicil eile. Más mian leat d'fheithicil a athrú roimh dheireadh na hiostréimhse sonraithe, iarrfar ort aisíocaíocht a dhéanamh leis na Coimisinéirí loncaim i leith an fhaoisimh uile, nó i leith cuid den fhaoiseamh, mar atá leagtha amach i gCuid 11 (Diúscairt Luath, Iniúchtaí agus Achomhairc), sula bhféadtar faoiseamh i leith na feithicle oiriúnaithe a thabhairt.
6. Ní cháilíonn aon fheithicil don scéim ar feithicil í a fhaightear faoi aon chineál comhaontú léasa. Ní mór go gceannaítear an fheithicil.
7. Aon fheithicil a fhaightear faoi aon chineál comhaontú um Plean Conarthaigh Pearsanta (PCP), beidh siad incháilithe le haghaidh aisíocaíocht nó loghadh CCF agus CBL faoin scéim, sa chás, ag an tráth a dhéantar an PCP, gurb é an t-aon rogha atá réasúnta go heacnamaíoch ná don chustaiméir an fheithicil a cheannach ag deireadh an chonartha. Beidh sé seo i gceist sa chás gur mó luach ionchais margaidh na feithicle ná an chnapíocaíocht sonraithe sa chonradh chun an fheithicil a cheannach ag deireadh na tréimhse conartha.
8. Féadtar iarratas a dhéanamh ar fhaoiseamh i ndáil le haon cheann de na cineálacha feithicle seo a leanas:
  - Feithicil nua.
  - Feithicil dara láimhe nár cláraíodh roimhe seo sa Stát (iompórtáil).
  - Feithicil dara láimhe a cláraíodh sa Stát roimhe seo, sa chás sin is é suim na haisíocaíochta ná an cháin cláraithe feithicilí iarmharach atá i luach na feithicle ag tráth an iarrtais.
  - Feithicil atá i do sheilbh cheana féin agus atá cláraithe i d'ainm.
9. Ní mór an fheithicil a bheith cláraithe in ainm an iarratasóra.

Sa chás go bhfuil faoiseamh iomlán ag feithicil, nó gur baineadh na teorainneacha forordaithe amach faoi fhorálacha cuí na scéime, agus go gceannaíonn iarratasóir eile faoin scéim an fheithicil ina dhiaidh sin, féadann sé go bhfuil an fheithicil fós incháilithe don Deontas Breosla agus don díolúine Mótarchánach Bliantúla.

## 7.2 An Riachtanas Cónaitheachta a Tharscaoileadh

Féadtar an riachtanas cónaitheachta a tharscaoileadh i gcúinsí áirithe. Go háirithe, déanfar é a tharscaoileadh go hiondúil nuair atá an t-iarratasóir ag gníomhú mar chúramóir agus freagrach as an duine muinteartha faoi mhíchumas a iompar.

Féadtar an Fhoirm Iarratais um Chónaitheacht a Tharscaoileadh a íoslódáil ó shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar **[www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)**.

Iarrfaidh na Coimisinéirí Ioncaim doiciméid tacaíochta le deimhniú go bhfuil an t-iarratasóir freagrach as iompar agus cúram an duine faoi mhíchumas.

I gcás daoine a bhfuil cónaí orthu in ospidéal nó faoi chúram cónaitheachta, iarrfar ort liosta dátaí a chur ar fáil (deimhnithe ag an ospidéal nó ag an aonad cúraim cónaitheachta) ar a d'iompar tú an duine i d'fheithicil ón ospidéal nó ón gcúram cónaitheachta.

Sa chás go bhfuil d'iarratas ar an scéim á phlé agus nuair a mheastar an riachtanas cónaitheachta gan a bheith comhlíonta, cuirfeadh an méid sin in iúl duit agus iarrfar ort cás a chruthú i leith an tarscaoilte. Sa chás go ndiúltaítear do d'iarratas ar an tarscaoileadh seo agus gur mian leat go ndéanfaí athbhreithniú ar do chás, ba chóir féachaint ar nósanna imeachta um ghearáin ar **[www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)**. Féach chomh maith Cuid 11 - Diúscairt Luath, Iniúchtaí agus Achomhairc.

## Cuid 8 - Eagraíochtaí

Tá eagraíochtaí i dteideal aisíocaíocht a éileamh i leith Cáin Cláraithe Feithiclí (CCF) agus Cáin Bhreisluacha (CBL) a íocadh ar fheithiclí a tógadh nó a oiriúnaíodh go speisialta agus a úsáidtear chun Daoine faoi Mhíchumas a iompar.

Is é an sainmhíniú ar “dhuine faoi mhíchumas” faoin reachtaíocht ná duine atá míchumasaithe go trom agus go buan, agus a chomhlíonann critéar amháin, nó níos mó ná critéar amháin de na “critéir leighis” atá leagtha amach i Rialachán 3 de na Rialacháin. Tá mionsonraí na gcritéar leighis leagtha amach i gCuid 2.2 thuas.

### 8.1 Critéar Incháilitheachta

Is éard is “eagraíocht cháilitheach” ann chun críocha na scéime ná eagraíocht charthanúil de bhrí Acht na gCarthanas, 2009 (Uimhir 6 de 2009)

- a cuireadh isteach i gclár na n-eagraíochtaí carthanúla de bhun Chuid 3 den Acht sin, agus
- arb é a gcuspóir seirbhísí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas, agus
- i mbisiú an chuspóra sin, atá i mbun cúram agus iompar a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas, is é sin sealbhóirí bundeimhniú liachta.

### 8.2 Riachtanais Incháilitheachta Feithiclí

**Féadtar iarratas ar fhaoiseamh a dhéanamh i leith na gcineálacha seo a leanas feithicle:**

- Feithicil nua.
- Feithicil dara láimhe nár cláraíodh roimhe seo sa Stát (iompórtáil).
- Feithicil dara láimhe atá cláraithe sa Stát cheana féin.
- Feithicil atá i seilbh na heagraíochta cheana féin agus atá cláraithe ina n-ainm.

### 8.3 Feithicil chun níos lú ná cúigear faoi mhíchumas a iompar

Maidir leis an tsuim iomlán (CCF / CBL) a fhéadtar a íoc agus / nó a aisíoc, ní sháróidh sé €16,000 i ndáil le haon fheithicil amháin, a tógadh nó a oiriúnaíodh go speisialta chun níos lú ná cúigear a iompar ar sealbhóirí Bundeimhniú Liachta iad agus a bhfuil aon cheann de na “hoiriúintí cuí” seo a leanas ann:

- bealach isteach oiriúnaithe tríd an gcúl nó tríd an taobh a bhfuil i gceist leis rampa nó ardaitheoir comhtháite agus urlár oiriúnaithe chun rochtain dhíreach do chathaoireacha rotha a chur ar fáil, agus srianta do chathaoireacha rotha nó feisteán do chathaoireacha rotha, nó
- bealach isteach oiriúnaithe tríd an gcúl nó tríd an taobh a bhfuil i gceist leis urlár ísliithe agus oiriúnaithe chun rochtain dhíreach do chathaoireacha rotha a chur ar fáil, agus srianta do chathaoireacha rotha nó feisteán do chathaoireacha rotha.

Maidir leis an tsuim iomlán (CCF / CBL) a fhéadtar a íoc agus / nó a aisíoc, ní sháróidh sé €22,000 i ndáil le haon fheithicil amháin, a tógadh nó a oiriúnaíodh go speisialta chun níos lú ná cúigear a iompar ar sealbhóirí Bundeimhniú Liachta iad agus a bhfuil aon cheann de na hoiriúintí cuí ann (mar atá san achoimre ar leathanach 13). Chun cáiliú don teorainn €22,000, ní mór go sáródh costas na n-oiriúintí cuí ag an tráth a rinneadh iad, praghas díola na feithicle ar an margadh oscailte ag tráth an chlárúcháin, gan costas na n-oiriúintí cuí san áireamh. Tá an loghadh agus / nó an aisíocaíocht faoi réir an fheithicil a bheith in úsáid ag an eagraíocht cháilitheach ar feadh dhá bhliain i gcás an €16,000, nó sé bliana i gcás na teorainn €22,000 ó dháta an iarratais / cheannacháin, cibé acu is déanaí (féach an tábla achoimre ar leathanach 25 agus Cuid 8.6, Diúscairt Luath agus Iniúchtaí).

- Ní mór an fheithicil a bheith ceannaithe ag an eagraíocht agus cláraithe in ainm na heagraíochta, féach Cuid 10 – Cén chaoi le cur isteach ar an bhFaoiseamh – 10.3 - Iarratas ar Loghadh CCF agus Aisíocaíocht CBL.
- Ní cháilíonn aon fheithicil ar feithicil í a fhaightear faoi aon chineál comhaontú léasa.
- Aon fheithicilí a fhaightear faoi aon chineál comhaontú um Plean Conarthaigh Pearsanta (PCP), beidh siad incháilithe le haghaidh aisíocaíocht nó loghadh CCF agus CBL faoin scéim, sa chás, ag an tráth a dhéantar an PCP, gurb é an t-aon rogha atá réasúnta go heacnamaíoch ná don chustaiméir an fheithicil a cheannach ag deireadh an chonartha. Beidh sé seo i gceist sa chás gur mó luach ionchais margaidh na feithicle ná an chnapíocaíocht sonraithe sa chonradh chun an fheithicil a cheannach ag deireadh na tréimhse conartha.

## 8.4 Feithicil chun níos lú ná cúigear faoi mhíchumas a iompar

Maidir leis an tsuim iomlán (CCF / CBL) a fhéadtar a íoc agus / nó a aisíoc, féadann sé an teorainn shonraithe a shárú i ndáil le aon fheithicil amháin, a thógtar nó a oiriúnaítear go speisialta, agus na hoiriúintí cuí ann, mar atá san achoimre ag 8.3 thuas, agus a úsáidtear chun cúigear nó níos mó a iompar, ar sealbhóirí Bundeimhniú Liachta iad, sa chás nach sáraíonn an chóiríocht shuite do phaisinéirí infheadhma dhá oiread an chóiríocht shuite dóibh siúd atá faoi mhíchumas. Tá an loghadh agus / nó an aisíocaíocht faoi réir an fheithicil a bheith in úsáid ag an Eagraíocht Cháilitheach ar feadh dhá bhliain ó dháta an cheannacháin (féach Cuid 8.6, Diúscairt Luath agus Iniúchtaí).

- Ní mór an fheithicil a bheith ceannaithe ag an eagraíocht agus cláraithe in ainm na heagraíochta, féach Cuid 10 - Cén chaoi le cur isteach ar an bhFaoiseamh - 10.3 - Iarratas ar loghadh CCF agus Aisíocaíocht CBL.
- Ní cháilíonn aon fheithicil don scéim ar feithicil í a fhaightear faoi aon chineál comhaontú léasa. Ní mór go gceannaítear an fheithicil.
- Aon fheithicilí a fhaightear faoi aon chineál comhaontú um Plean Conarthaigh Pearsanta (PCP), beidh siad incháilithe le haghaidh aisíocaíocht nó loghadh CCF agus CBL faoin scéim, sa chás, ag an tráth a dhéantar an PCP, gurb é an t-aon rogha atá réasúnta go heacnamaíoch ná don chustaiméir an fheithicil a cheannach ag deireadh an chonartha. Beidh sé seo i gceist sa chás gur mó luach ionchais margaidh na feithicle ná an chnapíocaíocht sonraithe sa chonradh chun an fheithicil a cheannach ag deireadh na tréimhse conartha.

## 8.5 Feithicil i gcás an duine faoi mhíchumas a bheith ina thiománaí

Maidir leis an tsuim iomlán (CCF / CBL) a fhéadtar a íoc agus / nó a aisíoc, ní sháróidh sé €10,000 i ndáil le haon fheithicil amháin, a tógadh nó a oiriúnaíodh go speisialta chun an duine faoi mhíchumas mar thiománaí a chur san áireamh. Tá an loghadh agus / nó an aisíocaíocht faoi réir an fheithicil a bheith in úsáid ag an Eagraíocht Cháilitheach ar feadh dhá bhliain ó dháta an cheannacháin (féach an tábla achoimre ar leathanach 25 agus Cuid 8.6, Diúscairt Luath agus Iniúchtaí). Maidir leis an tsuim iomlán (CCF / CBL) a fhéadtar a íoc agus / nó a aisíoc leis an eagraíocht, ní sháróidh sé €16,000 i ndáil le haon fheithicil amháin, a tógadh nó a oiriúnaíodh go speisialta, a bhfuil 'oiriúintí cuí' ann, chun an duine faoi mhíchumas mar thiománaí a chur san áireamh. Tá an loghadh agus / nó an aisíocaíocht €16,000 faoi réir an fheithicil a bheith in úsáid ag an Eagraíocht Cháilitheach ar feadh trí bliana ó dháta an cheannacháin (féach an tábla achoimre ar leathanach 25 agus Cuid 8.6 - Diúscairt Luath agus Iniúchtaí).

Is éard is oiriúintí cuí chun na críocha seo ná

- bealach isteach oiriúnaithe tríd an gcúl nó tríd an taobh a bhfuil i gceist leis rampa nó ardaitheoir comhtháite agus urlár oiriúnaithe chun rochtain dhíreach do chathaoireacha rotha a chur ar fáil, agus srianta do chathaoireacha rotha nó feisteán do chathaoireacha rotha,
- bealach isteach oiriúnaithe tríd an gcúl nó tríd an taobh a bhfuil i gceist leis urlár íslithe agus oiriúnaithe chun rochtain dhíreach do chathaoireacha rotha a chur ar fáil, agus srianta do chathaoireacha rotha nó feisteán do chathaoireacha rotha
- athchumraíocht fhorleathan ar na rialuithe príomha a bhfuil gá leo chun go bhféadann duine faoi mhíchumas an fheithicil a thiomáint.

Maidir leis an tsuim iomlán (CCF / CBL) a fhéadtar a íoc agus / nó a aisíoc leis an eagraíocht, ní sháróidh sé €22,000 i ndáil le haon fheithicil amháin, a tógadh nó a oiriúnaíodh go speisialta, a bhfuil 'oiriúintí cuí' ann, mar atá san achoimre thuas, chun an duine faoi mhíchumas mar thiománaí a chur san áireamh. **Chun cáiliú don teorainn €22,000, ní mór go sáróidh costas na n-oiriúintí cuí ag an tráth a rinneadh iad, praghas díola na feithicle ar an margadh oscailte ag tráth an chlárúcháin, gan costas na n-oiriúintí cuí san áireamh.** Tá an loghadh agus / nó an aisíocaíocht €22,000 faoi réir an fheithicil a bheith in úsáid ag an Eagraíocht Cháilitheach ar feadh sé bliana ó dháta an cheannacháin (féach an tábla achoimre ar leathanach 25 agus Cuid 8.6 - Diúscairt Luath agus Iniúchtaí).

- Ní mór an fheithicil a bheith ceannaithe ag an eagraíocht agus cláraithe in ainm na heagraíochta, féach Cuid 10 - Cén chaoi le cur isteach ar an bhFaoiseamh - 10.3 - Iarratas ar Loghadh CCF agus Aisíocaíocht CBL.
- Ní cháilíonn aon fheithicil ar feithicil í a fhaightear faoi aon chineál comhaontú léasa. Ní mór go gceannaítear an fheithicil.
- Aon fheithicil a fhaightear faoi aon chineál comhaontú um Plean Conarthaigh Pearsanta (PCP), beidh siad incháilithe le haghaidh aisíocaíocht nó loghadh CCF agus CBL faoin scéim, sa chás, ag an tráth a dhéantar an PCP, gurb é an

t-aon rogha atá réasúnta go heacnamaíoch ná don chustaiméir an fheithicil a cheannach ag deireadh an chonartha. Beidh sé seo i gceist sa chás gur mó luach ionchais margaidh na feithicle ná an chnapócaíocht sonraithe sa chonradh chun an fheithicil a cheannach ag deireadh na tréimhse conartha.

Sa chás go bhfuil faoiseamh iomlán ag feithicil, nó gur baineadh na teorainneacha forordaithe amach faoi fhorálacha cuí na scéime, agus go gceannaíonn iarratasóir eile faoin scéim an fheithicil ina dhiaidh sin, féadann sé go bhfuil an fheithicil fós incháilithe don Deontas Breosla agus don díolúine Mótarchánach Bliantúla.

## 8.6 Diúscairt Luath agus Iniúchtaí

- Iarrtar ar an eagraíocht an fheithicil a choinneáil ar feadh íostréimhse shonraithe (féach an tréimhse achomair ar leathanach 25) ó dháta an cheannaigh nó ón dáta a rinneadh an t-éileamh bailí, cibé acu is déanaí.
- Tá dualgas ar an eagraíocht na Coimisinéirí loncaim a chur ar an eolas láithreach má thagann aon chúinsí aníos le linn na tréimhse sin ina ndíoltar nó ina ndéantar an fheithicil a dhiúscairt ar bhealach eile - féach Cuid 11 - Diúscairt Luath, Iniúchtaí agus Achomhairc le haghaidh tuilleadh eolais.
- Féadann iarratas ar fhaoiseamh faoin scéim a bheith faoi réir Iniúchadh ag na Coimisinéirí loncaim.



## Cuid 9 - Oiriúintí le haghaidh tiománaithe / paisinéirí agus eagraíochtaí

Déantar achoimre i Rialachán 2 d'Ionstraim Reachtuil Uimhir 353 de 1994 (arna leasú) nach bhfolaíonn oiriúintí feithicle oiriúintí ar leaganacha líne táirgeachta atá ar fáil ón déantóir nó ón gcomhghabhálaí mar bhreiseán roghnach (mar shampla traiseoladh uathobríoch, fuinneoga imrithe, srl). Ní mheastar na 'breiseáin' seo a bheith ina n-oiriúintí chun críocha na Scéime seo um Fhaoiseamh Cánach.

**Ní mór gur tógadh nó gur oiriúnaíodh an fheithicil chun míchumas an duine a chur san áireamh.**

### 9.1 Feithicil oiriúnaithe

Beidh an fheithicil incháilithe má thógtar nó má oiriúnaítear í chun míchumas an duine a chur san áireamh. Mar shampla:

**Tiománaithe** - Rialuithe láimhe, luasaire coise clé, srl. (Faoiseamh tiománaí €10,000).

**Paisinéirí** - Suíochán sclóine, sintí leis na ráillí suíocháin, srl. (Faoiseamh paisinéara €16,000).

**Eagraíochtaí** - Beidh an fheithicil incháilithe má tógadh nó má oiriúnaíodh go speisialta í chun daoine faoi mhíchumas a iompar agus má tá aon cheann de na "hoiriúintí cuí" seo a leanas san áireamh ann:

- bealach isteach oiriúnaithe tríd an gcúl nó tríd an taobh a bhfuil i gceist leis rampa nó ardaitheoir comhtháite agus urlár oiriúnaithe chun rochtain dhíreach do chathaoireacha rotha a chur ar fáil, agus srianta do chathaoireacha rotha nó feisteán do chathaoireacha rotha, nó
- bealach isteach oiriúnaithe tríd an gcúl nó tríd an taobh a bhfuil i gceist leis urlár íslithe agus oiriúnaithe chun rochtain dhíreach do chathaoireacha rotha a chur ar fáil, agus srianta do chathaoireacha rotha nó feisteán do chathaoireacha rotha.

### 9.2 Feithicilí oiriúnaithe go sonrach

Leis an gcatagóir seo, déantar foráil d'fhaoiseamh Cánach Cláraithe Feithicilí (CCF) agus CBL oiread agus €16,000 chun feithicilí dá leithéid a cheannach.

Ní mór an fheithicil a choinneáil ar feadh trí bliana roimh í a athdhíol.

Ní mór gur ceann díobh seo a leanas í an oiriúint atá ag cáiliú don fhaoiseamh feabhsaithe seo:

- bealach isteach oiriúnaithe tríd an gcúl nó tríd an taobh a bhfuil i gceist leis rampa nó ardaitheoir comhtháite agus urlár oiriúnaithe chun rochtain dhíreach do chathaoireacha rotha a chur ar fáil, agus srianta do chathaoireacha rotha nó feisteán do chathaoireacha rotha, nó
- bealach isteach oiriúnaithe tríd an gcúl nó tríd an taobh a bhfuil i gceist leis urlár íslithe agus oiriúnaithe chun rochtain dhíreach do chathaoireacha rotha a chur ar fáil, agus srianta do chathaoireacha rotha nó feisteán do chathaoireacha rotha, nó
- athchumraíocht fhorleathan ar na rialuithe príomha a bhfuil gá leo chun go bhféadann an duine faoi mhíchumas an fheithicil a thiomáint. (Ní chomhlíonann Rialuithe Láimhe na critéir seo).

### 9.3 Feithiclí a ndéantar oiriúnú forleathan orthu

Chun cáiliú don fhaoiseamh feabhsaithe seo, ní mór go sáródh costas na n-oiriúintí ag an tráth a rinneadh iad, praghas díola na feithicle ar an margadh oscailte, arna dheimhniú ag na Coimisinéirí Ioncaim (gan costas na n-oiriúintí san áireamh) ag an tráth a chláraítear an fheithicil.

Faoiseamh oiread agus €22,000 atá ar an bhfaoiseamh CBL agus CCF i ndáil le feithicilí dá leithéid.

Ní mór an fheithicil a choinneáil ar feadh sé bliana roimh í a athdhíol.

Ní mór gur ceann díobh seo a leanas í an oiriúint atá ag cáiliú don fhaoiseamh feabhsaithe seo:

- bealach isteach oiriúnaithe tríd an gcúl nó tríd an taobh a bhfuil i gceist leis rampa nó ardaitheoir comhtháite agus urlár oiriúnaithe chun rochtain dhíreach do chathaoireacha rotha a chur ar fáil, agus srianta do chathaoireacha rotha nó feisteán do chathaoireacha rotha, nó
- bealach isteach oiriúnaithe tríd an gcúl nó tríd an taobh a bhfuil i gceist leis urlár íslithe agus oiriúnaithe chun rochtain dhíreach do chathaoireacha rotha a chur ar fáil, agus srianta do chathaoireacha rotha nó feisteán do chathaoireacha rotha, nó
- athchumraíocht fhorleathan ar na rialuithe príomha a bhfuil gá leo chun go bhféadann an duine faoi mhíchumas an fheithicil a thiomáint. (Ní chomhlíonann Rialuithe Láimhe na critéir seo).

### 9.4 Ceadú an Chineáil Feithicle - Doiciméid Iarrtha

I gcás feithicle a ndéantar Oiriúnú Sonrach nó Forleathan uirthi de réir na hachóimre thuas, nó sa chás go bhfuil an fheithicil á cur i láthair ag eagraíocht cháilitheach, ní mór na hoiriúintí feithicle a bheith deimhnithe, mar seo a leanas:

#### 9.4.1 Feithicilí Nua

I gcás oiriúintí d'fheithicil nua nár cláraíodh in aon tír, ní mór na hoiriúintí seo a bheith deimhnithe faoi Chineálcheadú AE (Deimhniú Comhréireachta arna chur ar fáil ag déantóir na feithicle) nó ag Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) - suíomh idirlín an NSAI [www.nsaie.ie](http://www.nsaie.ie).

**Ní mór an deimhniúchán seo a bheith ann roimh iarratas ar an bhfaoiseamh seo a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim (DDO / DD1).** Teastaíonn an deimhniúchán seo a chur i láthair chomh maith ag tráth a chláraítear an fheithicil ag ionad de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Tástála Carranna.

#### 9.4.2 Feithicilí Iompórtáilte

I gcás feithicilí a oiriúnaítear taobh amuigh den Stát, ní mór do na hoiriúintí an méid seo a chomhlíonadh:

- ní mór dóibh a bheith sonraithe ar dheimhniú clárúcháin feithicle eachtraí na feithicle, nó
- ní mór dóibh a bheith deimhnithe ag Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aici (SQI) in Éirinn.

Ní mór an deimhniúchán seo a bheith ann roimh iarratas ar an bhfaoiseamh seo a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim (DDO / DD1). Teastaíonn an deimhniúchán seo a chur i láthair chomh maith ag tráth a chláraítear an fheithicil ag ionad de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Tástála Carranna.

### **9.4.3 Feithiclí Cláraithe in Éirinn**

Ní mór Feithiclí Cláraithe in Éirinn, a oiriúnaítear tar éis clárúcháin in Éirinn, a bheith deimhnithe ag Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aici (SQI) in Éirinn.

Ní mór an deimhniúchán seo a bheith ann roimh iarratas ar an bhfaoiseamh seo a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim (DDO / DD1). Féadfaidh sé go dteastóidh an deimhniú seo a dhearbhu do Lároifig Feithiclí na gCoimisinéirí Ioncaim, Cáin Cláraithe Feithiclí, Oifigí an Rialtais, Sráid Áine, Loch Garman, R95 PPF8.

### **9.4.4 Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aici (SQI)**

Sa chás go ndéanann Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aici an fheithicil a oiriúnú agus a dheimhniú laistigh den Stát, ní mór an t-oiriúnú a shonrú leis an bhfoirm Dearbhú um Athrú de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

Féadtar tuilleadh sonraí i ndáil le Daoine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí acu a fháil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar **[www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)**.

Féadtar an fhoirm Dearbhú um Athrú a íoslódáil ó shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar **[www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)**.

# Cuid 10 - Cén chaoi le cur isteach ar an bhfaoiseamh

Teastóidh d'UPSP féin (Daoine Aonair) nó Uimhir Tagartha Cánach (Eagraíochtaí) chun cur isteach ar an bhfaoiseamh seo.

## 10.1 Iarratas ar Líne

Déan iarratas ar líne leis an tseirbhís ar líne **mochúrsaí** nó ar ROS ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim **www.revenue.ie**. Is é seo an bealach is tapúla agus is éasca le d'éileamh a dhéanamh agus le freagra tráthúil a fháil, i gcomparáid le hiarratas páipéir. I gcás custaiméirí ROS, roghnaigh 'Tiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas' faoin rannán 'Seirbhísí Eile' ar do chuntas ROS.

Nuair atá tú cláraithe le haghaidh **mochúrsaí**, logáil isteach ar **mochúrsaí** le d'Uimhir PSP / Uimhir Tagartha Cánach agus cláraigh do chuid sonraí, IBAN agus BIC do chuntais bainc san áireamh.

Nuair a logálann tú isteach ar **mochúrsaí** beidh réimse roghanna ar fáil duit le haghaidh seirbhísí a fhéadtar a úsáid ar líne:

- Ar an gcárta 'Seirbhísí Feithiclí', roghnaigh 'Tiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas'.  
Nuair a roghnaíonn tú 'Tiománaithe & Paisinéirí faoi Mhíchumas', beidh réimse roghanna ar fáil, ag brath ar chritéir éagsúla.
- Roghnaigh an catagóir cuí a bhaineann le d'iarratas.
- Nuair a dhéanann tú do rogha, beidh an chuid is mó den fhoirm réamhlíonta cheana féin le do chuid sonraí pearsanta. (Baineann siad seo le do UPSP uathúil féin.)
- Déan cinnte go bhfuil do chuid sonraí uile i gceart.
- Iarrfar ort d'iarratas agus d'éileamh a dhéanamh ó do chuid sonraí a bheidh ar lámh agat.
- Comhlánaigh agus tólaic.

Má tá gach rud in ord agus má éiríonn le d'iarratas, beidh an fógra um dhíolúine ar fáil duit le híoslódáil láithreach. (Roghnófar roinnt iarratas go randamach le haghaidh iniúchta. Féadfaidh sé go gcuirfidh sé seo moill ar roinnt iarratas.)

Le haghaidh tuilleadh eolais ar an gcaoi le héileamh a dhéanamh ar líne, tá bileog ar fáil "A Quick Guide to Making Claims for Relief Online" ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim **www.revenue.ie**.

## 10.2 Iarratas Páipéir

Féadtar foirmeacha páipéir a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig an Lároifig Aisíocaíochtaí i Muineachán (féach na sonraí ar leathanach 27) chun iad a phróiseáil. Cinntigh go marcáiltear iad seo mar **gan a bheith ábalta é a dhéanamh ar líne** nó féadfaidh sé go seolfar ar ais iad.

## 10.3 Iarratas ar Loghadh CCF agus Aisíocaíocht CBL

### 10.3.1 Feithiclí Nua

Tíolaic d'éileamh ar faoiseamh CBL / CCF in éineacht le cibé doiciméad iarrtha is gá, trí **mochúrsaí** ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie).

**Tabhair d'aire: Ní mór do d'fheithicil a bheith oiriúnaithe roimh Chlárúcháin.**

### 10.3.2 Feithiclí Iompórtáilte

- Nuair a chláraítear an feithicil, ba chóir cóip den 'Admháil um Iompórtáil Feithicle' (ar fáil ón ionad de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Tástála Carranna) agus an sonrasc íoctha i ndail le hoiriúintí, a thíolacadh trí **mochúrsaí** ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie). Sa chás go bhfuil an feithicil faoi dhliteanas CBL ag tráth an chlárúcháin, déanfaidh an Lároifig Aisíocaíochtaí aisíocaíocht an CBL sin a phróiseáil, más infheidhme.

### 10.3.3 Feithiclí Dara Láimhe - ceannaithe ó Dhioltóir Mótár Éireannach

- Tíolaic d'iarratas, in éineacht le do shonrasc cheannaigh le haghaidh na feithicle agus na n-oiriúintí (marcáilte íoctha ina iomláine in ainm an iarratasóra) i gcás aisíocaíocht CBL / CCF iarmharach agus cóip de do dheimhniú clárúcháin feithicle (logleabhar) trí **mochúrsaí** ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie).
- Is faoin 'Imeallscéim' a cheannaítear an chuid is mó d'fheithiclí dara láimhe ó gharáistí. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil aon CBL iníoctha nuair a cheannaítear an feithicil, agus dá réir, níl aon CBL inaisíoctha sna cásanna seo. Is gnách go sonrófar 'Imeallscéim' ar an sonrasc le haghaidh cheannach na feithicle.

### 10.3.4 Feithiclí Dara Láimhe – ceannaithe ó Dhuine Aonair Príobháideach

- I gcás feithicil dara láimhe a cheannaítear/a fhaightear go príobháideach, déanfar d'éileamh a phróiseáil nuair a fhaightear sonrasc íoctha le haghaidh oiriúintí don feithicil, agus cóip den Deimhniú Clárúcháin Feithicle (Logleabhar) in ainm an iarratasóra.

## 10.4 Díolúine ó Mhótarcháin

Tá teidlíocht i leith díolúine ón Mótarcháin Bhliantúil i gceist d'fheithiclí a cheadaítear isteach sa scéim, mar seo a leanas:

- I gcás feithicil nua nó feithicil atá á clárú sa Stát den chéad uair, tabharfar an faoiseamh nuair a dhéanann tú iarratas le d'Oifig Mótarchánach áitiúil nuair a thugann tú foirm RF100 i láthair (rud atá ar fáil ón ngaráiste nó ón ionad de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Tástála Carranna sa chás gur iompórtáladh an feithicil). Ní theastaíonn aon doiciméid ón Lároifig Aisíocaíochtaí.
- Má cláraíodh an feithicil roimhe seo sa Stát, eiseoidh an Lároifig Aisíocaíochtaí Deimhniú Ceadaithe chugat, le héifeacht ó dháta an iarratais nó ó dháta an Bhundeimhnithe Liachta, cibé acu is déanaí. Nuair a phróiseáiltear d'éileamh ar **mochúrsaí** ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie) beidh an Deimhniú Ceadaithe ar fáil le híoslódáil. Ba chóir duit é seo a chur faoi bhráid d'Oifig Mótarchánach áitiúil.

Féadtar sonraí teagmhála na nOifigí Mótarchánach a fháil ar shuíomh idirlín na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar [www.dttas.ie](http://www.dttas.ie).

# Cuid 11 - Diúscairt Luath, Iniúchtaí agus Achomhairc

## 11.1 Diúscairt Luath

- Iarrtar ort an fheithicil a choinneáil i d'úinéireacht ar feadh na **híostréimhse sonraithe** (féach an tábla achoimre ar leathanach 25) ó dháta an cheannaigh nó ón dáta a dhéantar éileamh bailí, cibé acu is déanaí.
- Ní cheadófar an fheithicil a dhiúscairt le linn na tréimhse seo ach amháin ar an mbonn go ndéanann tú aisíocaíocht leis na Coimisinéirí loncaim den fhaoiseamh cánach uile a tugadh, nó sciar de, an CCF íoctha san áireamh, más infheidhme.
- Tá dualgas ort na Coimisinéirí loncaim a chur ar an eolas láithreach má thagann aon chúinsí aníos le linn na tréimhse sin ina ndíoltar an fheithicil, ina stophtar de í a úsáid chun duine faoi mhíchumas a iompar, nó ina ndéantar í a dhiúscairt ar bhealach eile.
- Sa chomhthéacs seo, folaíonn diúscairt díol na feithicle, an fheithicil a thabhairt mar bhronntanas do dhuine eile, an fheithicil a fhrúiliú nó a ligean ar cíos, an fheithicil a scrapáil, nó ar bhás an iarratasóra / shealbhóir an bhundeimhnithe liachta.
- Sa chás go ndéantar an fheithicil a dhiúscairt tar éis damáiste i dtimpiste le linn na tréimhse coinneála, beidh aisíocaíocht dlíte do na Coimisinéirí loncaim. Ba chóir an deimhniú tarrthála agus an litir um shocraíocht árachais a chur ar aghaidh chuig na Coimisinéirí loncaim chun an figiúr aisíocaíochta seo a ríomh.

## 11.2 Iniúchtaí

Féadann gach iarratas ar fhaoiseamh faoi scéim a bheith faoi réir iniúchta ag na Coimisinéirí loncaim nó idirghabháil de chineál eile.

## 11.3 Achomhairc

Sa chás go ndiúltaítear d'iarratas ar fhaoiseamh faoin scéim, cuirfear an chúis / na cúiseanna i leith an diúltaithe in iúl duit. Féadtar diúltú a achomharc. Leagtar amach an nós imeachta d'achomhairc ar **shuíomh idirlín Achomhairc CCF**.

## Cuid 12 - Deontas Breosla

Tugadh Deontas Breosla nua isteach faoi Alt 81 den Acht Airgeadais, 2015 chun teacht in áit na híocaíochta um fhaoiseamh ar mhál sa chuid breosla den Scéim um Thiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas (Lamháiltais Cánach). Tá foráil don Deontas Breosla sna Rialacháin um Thiománaithe Míchumasaithe agus Paisinéirí Míchumasaithe (Deontais Bhreosla), 2015, (I.R. Uimhir 635 de 2015).

Déanann na Coimisinéirí Ioncaim an Deontas seo a riar thar ceann na Roinne Airgeadais a bhfuil an íocaíocht seo á maoiniú acu.

Baineann an Deontas le breosla a úsáidtear le linn na 12 mhí roimh le duine faoi mhíchumas a iompar, agus íoctar i riaráistí é. **Toisc go bhfuil gach éileamh ar an deontas breosla faoi réir seiceálacha fíorúcháin, ní mór don éilitheoir, ar feadh tréimhse 4 bliana, gach admháil a choinneáil ar a léirítear líon na lítear a ceannaíodh agus a úsáideadh chun an duine faoi mhíchumas a iompar.** Ba chóir admháilacha tacaíochta a chur ar aghaidh nuair a iarrann na Coimisinéirí Ioncaim iad.

Ní fhéadtar an Deontas a íoc ach amháin i gCuntas pearsanta Institiúide Airgeadais an chustaiméara (Banc, Cumann Foirgníochta nó Comhar Creidmheasa, srl).

### 12.1 Rátaí an Deontais Breosla

Peitreal	€0.59 an lítear
Díosal	€0.48 an lítear
Gás Peitriilium Leachtaithe	€0.10 an lítear

Tá an aisíocaíocht deontais Breosla faoi réir na dteorainneacha seo a leanas. Tá gach éileamh faoi réir seiceálacha fíorúcháin ag na Coimisinéirí Ioncaim le cinntiú go bhféadtar na héilimh a thacú le hadmhálacha / sonraisc.

### 12.2 Uas-Éileamh

Tiománaí / Paisinéir	2,730 lítear ar feadh tréimhse 12 mhí dar tús
Eagraíocht	4,100 lítear an Fheithicil ar feadh tréimhse 12 mhí

### 12.3 Cén chaoi leis an Aisíocaíocht Deontais Breosla a Éileamh

Déan iarratas ar líne leis an tseirbhís ar líne **mochúrsaí** nó ar **ROS** ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim **www.revenue.ie**. Is é seo an bealach is tapúla agus is éasca le d'éileamh a dhéanamh agus le freagra tráthúil a fháil, i gcomparáid le hiarratas páipéir. Nuair a bheid tú cláraithe le haghaidh **mochúrsaí / ROS**, logáil isteach le d'UPSP / Uimhir Tagartha Cánach. Ar an gcárta 'Seirbhísí Feithicil', roghnaigh 'Tiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas'. Roghnaigh an rogha 'Éiligh an Deontas Breosla'. Ní mór do gach duine aonair agus eagraíocht a bhfuil feithicil cháilitheach cláraithe acu ar an scéim um Thiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas, iarratas a dhéanamh ar an Aisíocaíocht Deontais Breosla le haghaidh aon tréimhse 12 mhí (i riaráistí) dar tús 1 Eanáir 2015, nó dá éis. Féach rannán 10.2 i ndáil le haon iarratais Pháipéir.

Ní fhéadtar iarratas i ndáil le haon tréimhse 12 mhí a dhéanamh ach amháin taobh istigh de 48 mí ó dheireadh na tréimhse sin.

## **12.4 I gcás breosla a úsáideadh suas le 31 Nollaig 2014**

Féadtar an Aisíocaíocht Mháil le haghaidh breosla a úsáideadh sa tréimhse 01 Eanáir 2014 go 31 Nollaig 2014 a éileamh ach an fhoirm iomlán DD3 / DD4 a chomhlánú, rud atá ar fáil ach glaoch ar Fho-Rannóg Foirmeacha & Bileoga na gCoimisinéirí Ioncaim ar ÍosGhlao 01 738 3675 nó ar an Lároifig Aisíocaíochtaí ar 01 738 3671. Tá teorainn ama ceithre bliana ag baint leis na héilimh seo, rud a chiallaíonn nach bhféadtar éilimh i leith tréimhsí idir 1 Eanáir 2014 agus 31 Nollaig 2014 a dhéanamh tar éis 31 Nollaig 2018. Ná seol admhálacha breosla isteach leis an éileamh, ach coinnigh iad ar feadh 48 mí, sa chás go reáchtáiltear Iníúchadh.

**Toisc go bhfuil gach éileamh ar an deontas breosla faoi réir seiceálacha fíorúcháin, ní mór don éilitheoir, ar feadh tréimhse 4 bliana, gach admháil a choinneáil ar a léirítear líon na lítear a ceannaíodh agus a úsáideadh chun an duine faoi mhíchumas a iompar.** Ba chóir admhálacha tacaíochta a chur ar aghaidh nuair a iarrann na Coimisinéirí Ioncaim iad.



## Uas-Fhaoiseamh ar Fáil – Tábla Achoimre

Catagóir	Faoiseamh uasta		
	Oiriúintí	Oiriúintí Sonracha	Oiriúintí Forleathana
Tiománaithe	€10,000	€16,000	€22,000
Paisinéirí	€16,000	Ní bhaineann le hábhar	€22,000
Eagraíochtaí (tiománaí)	€10,000	€16,000	€22,000
Eagraíochtaí	€16,000	Ní bhaineann le hábhar	€22,000
Eagraíochtaí (cúigear nó níos mó duine faoi mhíchumas)	Níl aon teorainn, féach leathanach 7 le haghaidh na gcritéar		
Ní mór na feithiclí a choinneáil ar feadh	2 bhliain	3 bliana	6 bliana

**Tá an faoiseamh srianta i ngach cás d'fheithiclí a bhfuil toilleadh innill oiread agus 6,000cc acu.**

### Oiriúintí Sonracha

Ní mór gur ceann díobh seo a leanas iad na hoiriúintí atá ag cáiliú don faoiseamh feabhsaithe seo:

- bealach isteach oiriúnaithe tríd an gcúl nó tríd an taobh a bhfuil i gceist leis rampa nó ardaitheoir comhtháite agus urlár oiriúnaithe chun rochtain dhíreach do chathaoireacha rotha a chur ar fáil, agus srianta do chathaoireacha rotha nó feisteán do chathaoireacha rotha, nó
- bealach isteach oiriúnaithe tríd an gcúl nó tríd an taobh a bhfuil i gceist leis urlár ísliithe agus oiriúnaithe chun rochtain dhíreach do chathaoireacha rotha a chur ar fáil, agus srianta do chathaoireacha rotha nó feisteán do chathaoireacha rotha, nó
- athchumraíocht fhorleathan ar na rialuithe príomha a bhfuil gá leo chun go bhféadann an duine faoi mhíchumas an fheithicil a thiomáint.

I gcás carr nua, ní mór na hoiriúintí seo a bheith deimhnithe faoi cheadú de chineál an AE, nó ag an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI). **Ní mór an deimhniú seo a bheith ann roimh iarratas ar an bhfaoiseamh seo a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim (DD1 / DDO).**

Más mian le duine carr athlámhe a oiriúnú de réir na sonraíochtaí luaite thuas, ní mór na hoiriúintí a bheith curtha i gcrích ag Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aici (SQI).

## Oiriúintí Forleathana

Chun cáiliú don fhaoiseamh feabhsaithe seo, ní mór go sáródh costas na n-oiriúintí ag an tráth a rinneadh iad, praghas díola na feithicle ar an margadh oscailte, arna dheimhniú ag na Coimisinéirí Ioncaim (gan costas na n-oiriúintí san áireamh) ag an tráth a chláraítear an fheithicil.

Faoiseamh oiread agus €22,000 atá ar an bhfaoiseamh CBL agus CCF i ndáil le feithicil dá leithéid. Ní mór an fheithicil a choinneáil ar feadh sé bliana.

Ní mór gur ceann díobh seo a leanas iad na hoiriúintí atá ag cáiliú don fhaoiseamh feabhsaithe seo:

- bealach isteach oiriúnaithe tríd an gcúl nó tríd an taobh a bhfuil i gceist leis rampa nó ardaitheoir comhtháite agus urlár oiriúnaithe chun rochtain dhíreach do chathaoireacha rotha a chur ar fáil, agus srianta do chathaoireacha rotha nó feisteán do chathaoireacha rotha, nó
- bealach isteach oiriúnaithe tríd an gcúl nó tríd an taobh a bhfuil i gceist leis urlár ísliithe agus oiriúnaithe chun rochtain dhíreach do chathaoireacha rotha a chur ar fáil, agus srianta do chathaoireacha rotha nó feisteán do chathaoireacha rotha, nó
- athchumraíocht fhorleathan ar na rialuithe príomha a bhfuil gá leo chun go bhféadann an duine faoi mhíchumas an fheithicil a thiomáint.

I gcás carr nua, ní mór na hoiriúintí seo a bheith deimhnithe faoi cheadú de chineál an AE, nó ag an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI). **Ní mór an deimhniú seo a bheith ann roimh iarratas ar an bhfaoiseamh seo a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim (DD1 / DDO).**

Más mian le duine carr athláimhe a oiriúnú de réir na sonraíochtaí luaite thuas, ní mór na hoiriúintí a bheith curtha i gcrích ag Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aici (SQI).

# Sonraí Teagmhála

Má theastaíonn aon eolas breise uait i ndáil le haon ghné den scéim, déan teagmháil linn:

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

An Lároifig Aisíocaíochtaí

Saorphost

Foirgneamh M-TEK II

Bóthar Ard Mhacha

Muineachán

H18 YH59

Glaigh ar 01 738 3671

Ríomhphost: Bain úsáid as M'Fhiosruithe trí ROS nó **mochúrsaí**

Mura bhfuil teacht agat ar an idirlíon, féadtar foirmeacha iarratais páipéir a fháil ar iarratas leo seo:

Fón: 01 738 3675 (i gcás Foirmeacha & Bileoga)

I gcás fiosruithe faoi chlárú le haghaidh **mochúrsaí** déan teagmháil le:

Fón: 01 738 3691

I gcás fiosruithe faoi chlárú le haghaidh ROS, déan teagmháil le:

Fón: 01 738 3699

Má tá fiosrú agat i ndáil le d'UPSP, déan teagmháil le:

Seirbhísí Aitheantais Cliant

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Lóiste na Sionainne

Cora Droma Rúisc

Co. Liatroim, N41 KD81

Fón: ÍosGhlao 1890 927 999

Ríomhphost: [cis@welfare.ie](mailto:cis@welfare.ie)

Suíomh Idirlíon: [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)

Má tá fiosrú agat i ndáil le d'Uimhir Charthanais, déan teagmháil le:

Aonad na nDíolúintí Carthanas agus Spóirt

Rannóg na gCánacha Pearsanta

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Oifigí an Rialtais

An tAonach

Co. Thiobraid Árann, E45 T611

Fón: 01 738 3680

Ríomhphost: Bain úsáid as M'Fhiosruithe trí ROS nó **mochúrsaí**

Suíomh Idirlíon: [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)

